# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2019

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Eacnamaíocht

## Gnáthleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

# AN ARDTEISTIMÉIREACHT 2019
# SCÉIM MHARCÁLA

# EACNAMAÍOCHT

# GNÁTHLEIBHÉAL

**Scéim Mharcála** agus **Nótaí Tacaíochta**

Agus an scéim mharcála agus na nótaí tacaíochta á mbreithniú is cóir na pointí a leanas a chur san áireamh:

- Níl na nótaí tacaíochta seo uileghabhálach agus bronnfar marcanna ar phointí ábhartha eolais eile a chuirfidh na hiarrthóirí i láthair de réir a bhfiúntais.
- Ní freagraí eiseamláireacha iad ach sampla de fhreagraí féideartha.
- I gcuid mhaith cásanna, d'fhéadfadh sé go mbeadh eochairfhrásaí sna nótaí tacaíochta a chaithfidh a bheith i bhfreagra an iarrthóra le go dtuillfidh sé nó sí na marcanna sannta.
- Braitheann na mionsonraí a theastaíonn in aon fhreagra ar an gcomhthéacs agus ar an gcaoi a gcuirtear an cheist, agus ar an líon marcanna atá ar fáil don fhreagra ar an scrúdpháipéar. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh riachtanais agus leithdháileadh na marcanna a bheith difriúil ó bhliain go bliain.
- Caithfear focail, nathanna cainte nó frásaí a úsáid i gceart agus sa chomhthéacs ceart agus níor cheart iad a bhréagnú, agus más léir go n-úsáidtear go mícheart iad nó go mbréagnaítear iad, ní féidir na marcanna a thabhairt.
- Má thugann iarrthóir níos mó pointí bailí ná mar a theastaíonn do cheist, cuirtear na pointí breise ag a bhfuil an scór is ísle as an áireamh trí lúibíní cearnacha a chur timpeall ar na pointí breise a bronnadh. Ní chuirtear na pointí breise sin san áireamh sa mharc iomlán don cheist, laistigh den script ná ar an ngreille ceisteanna ar an gclúdach, ná san iomlán carnach.

***INNÉACS NA gCEISTEANNA***


| Uimhir | Ábhar | **Lch (lgh)** |
|---|---|---|
| | | |
| | Achoimre ar Leithroinnt na Marcanna | **4** |
| | Roinn A | **5 - 9** |
| | Roinn B | |
| 1 | Iomaíocht Neamhfhoirfe agus iomaíocht i ndiúscairt dramhaíola | **10 – 12** |
| 2 | Margaí, Éileamh agus Soláthar, Feithiclí leictreacha | **13 - 15** |
| 3 | An margadh saothair | **16 - 18** |
| 4 | Trádáil agus Ciste 'Lá na Coise Tinne' in Éirinn | **19 - 21** |
| 5 | Modhanna íocaíochta neamhairgid, rátaí úis & dúnadh oifigí Poist | **22 - 24** |
| 6 | Cánachas agus Cáinaisnéis 2019 | **25 - 28** |
| 7 | Ioncam Náisiúnta, cuideachtaí ilnáisiúnta agus an t-iolraitheoir | **29 - 32** |
| 8 | Téarmaí, leathanbhanda agus meath eacnamaíoch i gceantair thuaithe | **33 - 36** |

## Achoimre ar Leithroinnt na Marcanna

### ROINN A (100 marc)

| Ceist | Marcanna |
|---|---|
| 1 | 8 @ 2m |
| 2 | (i) 2 @ 6<br>(ii) 2 @ 2 |
| 3 | 1 @ 8; 1 @ 4 and 2 @ 2 |
| 4 | 1 @ 8<br>2 @ 4 |
| 5 | 9 (3 @3)<br>7 |
| 6 | 1 @ 8<br>3 @ 3 |
| 7 | (i) 8 ( 4 +2 + 2 )<br>(ii) 9 |
| 8 | (i) 7<br>(ii) 5 + 5 |
| 9 | 5 + 4 + 4 + 4 |

### Roinn B

| | | | |
|---|---|---|---|
| 1(a)<br><br>1(b)<br>1 (c) | (i) 5 @ 4<br>(ii) 5 + 5<br>1 @ 9 agus 2 @ 6<br>2 @ 9<br>1 @ 6 | 5 (a)<br>5 (b)<br>5 (c) | 3 @ 7 ( 4 + 3 )<br>3 @ 8 ( 4 + 4 )<br>(i) 2 @ 6 ( 3 + 3 )<br>(ii) 3 @ 6 ( 3 + 3 ) |
| 2 (a)<br><br><br>2 (b)<br>2 (c) | (i) 11 (5 @ 2 ) + 1<br>(ii) 11 (5 @ 2 ) +1<br>(iii) 6 (3+3) + 1 + 1<br>2 @ 10 ( 4 + 4 + 2 )<br>(i) 6 (4+2)<br>(ii) 7 (5+2)<br>(iii) 2 @ 6 (4 + 2) | 6 (a)<br><br>6 (b)<br><br><br>6 (c) | (i) 5 + 2<br>(ii) 2 @ 7 ( 3 + 4 )<br>(i) 8<br>(ii) 6 (3+3)<br>(iii) 2 @ 8 (4+4)<br>4 @ 6 ( 3 + 3 ) |
| 3 (a)<br>3 (b)<br><br><br>3 (c) | 1 @ 11 agus 2 @ 5<br>(i) 6<br>(ii) 2 @ 6 ( 3 + 3 )<br>(iii) 2 @ 6 ( 3 + 3 )<br>(i) 2 @ 6 ( 4 + 2 )<br>(ii) 2 @ 6 ( 4 + 2 ) | 7 (a)<br><br><br>7 (b)<br><br><br>7 (c) | (i) 9 ( 3 @ 3)<br>(ii) 5<br>(iii) 2 @ 5 ( 3 + 2 )<br>(i) 2 @ 6<br>(ii) 2 @ 6 ( 3 + 3 )<br>(iii) 1 @ 6 (3 + 3 )<br>(i) 2 @ 5 ( 3 + 2 )<br>(ii) 8<br>(iii) 3 |
| 4 (a)<br>4 (b)<br><br><br>4 (c) | 1 @ 11 agus 2 @ 5<br>(i) 4 + 3<br>(ii) 9<br>(iii) 2 @ 7 (4+3)<br>(i) 6<br>(ii) 6<br>(iii) 2 @ 6 (4 + 2) | 8 (a)<br>8 (b)<br><br><br>8 (c) | 1 @ 11 agus 2 @ 5<br>(i) 6<br>(ii) 2 @ 8 ( 5 + 3 )<br>(iii) 8 ( 5 + 3 )<br>(i) 2 @ 6 ( 4 + 2 )<br>(ii) 2 @ 6 ( 4 +2 ) |

## Roinn A

| C | Freagraí féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|
| 1 | Cad dó a seasann na litreacha seo a leanas? Scríobh gach freagra sa spás cuí. | 8@2 |

| | |
|---|---|
| **AE (*EU*)** | An tAontas Eorpach |
| **BCE (*ECB*)** | An Banc Ceannais Eorpach |
| **EDT (*WTO*)** | An Eagraíocht Dhomhanda Trádála |


| C | Freagraí féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|
| 2 | Sa léaráid thíos taispeántar cothromaíocht fhadtréimhseach gnólachta atá in Iomaíocht Fhoirfe. | |
| | (i) Scríobh i bhfocail (agus ní mar ghiorrúcháin) lipéad iomlán gach ceann de na línte atá uimhrithe 1 agus 2. Bain úsáid as an bhfreagarbhosca atá curtha ar fáil. | 2 @ 6 |

**Freagarbhosca**

| Uimhir | An Lipéad Iomlán | Marcanna |
|---|---|---|
| 1 | **Costas imeallach** | **6** |
| 2 | **Meánchostas** | **6** |

(ii) **Ar an léaráid thuas taispeáin**: — **2 @ 2**

- An praghas a ghearrfaidh an gnólacht ar a aschur (úsáid an lipéad $\mathbf{P_1}$)
- An t-aschur a tháirgfidh an gnólacht i gcothromaíocht (úsáid an lipéad $\mathbf{C_1}$).



| C | Freagraí féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|
| 3 | Luaigh **samplaí** de na ceithre thoisc tháirgeachta faoi gach ceann de na ceannteidil seo a leanas: | **1 @ 8**<br>**1 @ 4**<br>**2 @ 2** |

| Toisc | Sampla de thoisc tháirgeachta |
|---|---|
| Talamh | An talamh ar a bhfuil an mhonarcha tógtha / amhábhair a úsáidtear chun táirge a dhéanamh/olacheantar, mianach, foraois. |
| Saothar | Na hoibrithe a tháirgeann na táirgí / saothraithe, pluiméir. |
| Caipiteal | Innealra / foirgneamh monarchan a úsáidtear i dtáirgeadh na dtáirgí / teicneolaíocht |
| Fiontraíocht | Na húinéirí / scairshealbhóirí a dhéanann na cinntí agus a ghlacann na rioscaí. |

**4** Ainmnigh an t-eacnamaí a luaitear le **trí cinn ar bith** de na teoiricí / coincheapa eacnamaíochta ar an liosta thíos:

**1 @ 8 agus 2 @ 4**

| | Teoiric / Coincheap Eacnamaíochta | Ainm an Eacnamaí |
|---|---|---|
| **A** | Prionsabail an Chánachais | Adam Smith |
| **B** | Teoiric an Daonra agus Soláthar an Bhia | Thomas Malthus |
| **C** | Dúshaothrú na n-oibrithe faoin gcóras caipitleach | Karl Marx |
| **D** | An tIolraitheoir | John Maynard Keynes |

**5** In 2017, ba é OTN (GNP) na tíre ná €44 billiún. In 2018, ba é OTN na tíre ná €46.2 billiún.

(i) Cad dó a seasann na litreacha OTN: **9 (3 x 3)**

Olltáirgeacht Náisiúnta.

(ii) Ríomh céatadán an ardaithe san OTN idir 2017 agus 2018. **7**

**Taispeáin do chuid oibre**

€46.2 billiún - €44 billiún = €2.2 billiún


$$\frac{€2.2 \text{ billiún}}{€44 \text{ billiún}} \times \frac{100}{1}$$

Freagra: 5%

| C | Freagraí féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|
| 6 | Is samplaí d'instealltaí nó de shiltí a bhaineann le Sreabhadh Ciorclach an Ioncaim Náisiúnta iad na míreanna ar an liosta thíos. As an liosta, cuir in iúl céard iad na hinstealltaí agus céard iad na siltí.<br><br>Cánachas \| Caiteachas ar Infheistíocht \| Easpórtálacha \| Iompórtálacha<br><br>Scríobh do fhreagraí sna spásanna atá curtha ar fáil dóibh thíos.<br><br>**Freagra:**<br><br>**Instealltaí**: CAITEACHAS AR INFHEISTÍOCHT; EASPÓRTÁLACHA<br>**Siltí**: CÁNACHAS; IOMPÓRTÁLACHA | **1 x 8**<br>**3 x 3** |
| 7 | I gCáinaisnéis 2019, íslíodh an ráta MSU (USC) ó 4.75% go 4.5%..<br>(i) Cad dó a seasann na litreacha MSU?<br>**Muirear Sóisialta Uilíoch**<br>(ii) Tabhair breac-chuntas ar shochar eacnamaíochta **amháin** d'oibrithe a bhaineann leis an ísliú seo i ráta an MSU.<br><br>Ioncam indiúscartha méadaithe ionas go mbeidh caighdeán maireachtála níos airde ag oibrithe.<br>Táirgiúlacht mhéadaithe toisc go bhféadfadh sé go mothódh roinnt oibrithe go bhfuil luach saothair á fháil acu anois dá saothar.<br>D'fhéadfadh roinnt oibrithe níos mó airgid a choigilt.<br>D'fhéadfadh roinnt oibrithe an t-ioncam breise a úsáid chun a leibhéil fiach a laghdú. | **8**<br>**(4+2+2)**<br><br>**9** |
| 8 | (a) Mínigh cad a chiallaíonn an téarma **ganntanas acmhainní** i gcúrsaí eacnamaíochta**.**<br><br>Gan dóthain tosca táirgeachta agus éilimh gan teorainn.<br>Tá an chainníocht earraí agus seirbhísí ba mhaith le daoine a bheith acu níos mó ná an méid is féidir a tháirgeadh le hacmhainní an gheilleagair.<br><br>(b) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** shampla de shlite a gcuireann saoránaigh Éireannacha acmhainní amú:<br><br>(i) Ag ceannach earraí nach mbeadh de dhíth orthu nó ag teastáil uathu.<br>(ii) Gan na hearraí sin atá in-athchúrsáilte a athchúrsáil.<br>(iii) Ag baint úsáid as iompar príobháideach nuair atá iompar poiblí ar fáil.<br>(iv) Ag fágáil earraí leictreacha casta air nó ar fuireachas. | **7**<br><br>**2 x 5** |

| C | Freagraí féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|
| 9 | Ní mór do ghnólacht seachadta pizza a chostais sheasta agus a chostais athraitheacha a chlúdach san fhadtréimhse.<br><br>(a) Mínigh cad a chiallaíonn **costais sheasta** agus luaigh sampla **amháin** de chostas seasta i gcás gnólacht seachadta pizza.<br><br>**Costais Sheasta:** costais nach n-athraíonn de réir mar a athraíonn an leibhéal aschur.<br><br>**Sampla**: Cíos gnólachta píotsaí / árachas ar an áitreabh/iasacht bhainc.<br><br>(b) Mínigh cad a chiallaíonn **costais athraitheacha** agus luaigh sampla **amháin** de chostas athraitheach i gcás gnólacht seachadta pizza.<br><br>**Costais Athraitheacha:** costais a athraíonn de réir mar a athraíonn an leibhéal aschur.<br><br>**Sampla**: Plúr/comhábhair chun an píotsa a dhéanamh; costais ar phánna. | **1 @ 5<br>&<br>3 @ 4** |

| C1 Iomaíocht Neamhfhoirfe agus iomaíocht i seirbhísí bailithe diúscartha dramhaíola tís |
|---|

| | Freagraí féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|
| **(a)** | Taispeántar cothromaíocht fhadtréimhseach gnólachta in **Iomaíocht Neamhfhoirfe** sa léaráid thíos**.**   (i) Scríobh amach ina iomláine cad dó a seasann **gach** ceann de na **cúig** lipéad thuas a bhfuil ciorcal thart orthu. | |
| | <table><tr><th>Lipéad</th><th>Freagra ceart</th></tr><tr><td>P</td><td>Praghas</td></tr><tr><td>C</td><td>Cainníocht</td></tr><tr><td>MCh</td><td>Meánchostas</td></tr><tr><td>MI</td><td>Meánioncam</td></tr><tr><td>II</td><td>Ioncam Imeallach</td></tr></table> | **5 @ 4** |
| | **Déan cóip den léaráid i do fhreagarleabhar.**<br><br>(ii) Tá an gnólacht i gcothromaíocht ag pointe **X** ar an léaráid. Taispeáin ar do léaráid:<br>• An **praghas** a ghearrfaidh an gnólacht ar a aschur (úsáid an lipéad **$P_1$**).<br>• An **t-aschur** a thairgfidh an gnólacht i gcothromaíocht (úsáid an lipéad **$C_1$**). **(30 marc)** | **5**<br>**5** |

| C | Freagraí féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|
| **(b)** | Ceann de na saintréithe a bhaineann le margadh atá in iomaíocht neamhfhoirfe ná **saor-iontráil agus saor-imeacht**.<br>(i) Mínigh an téarma **saor-iontráil agus saor-imeacht**.<br>(ii) Luaigh **dhá** shaintréith eile a bhaineann leis an Iomaíocht Neamhfhoirfe.<br>(iii) Scríobh nóta achomair ar **gach** ceann de na saintréithe seo. **(21 marc)**<br><br>(i) Mínigh an téarma **saor-iontráil agus saor-imeacht**.<br><br>Bíonn **saor-iontráil isteach sa tionscal agus saor-imeacht** as an tionscal.<br>Níl aon bhaic ar iontráil sa tionscal/ar imeacht ón tionscal.<br>Is féidir le gnólachtaí teacht isteach sa tionscal agus imeacht as de réir mar is mian leo. | 1 @ 9 |
| | (ii) Luaigh **dhá** shaintréith eile a bhaineann leis an Iomaíocht Neamhfhoirfe.<br>(iii) Scríobh nóta achomair ar **gach** ceann de na saintréithe seo.<br><br>**Go leor ceannaitheoirí**<br>Ní fhéadann ceannaitheoir aonair ar bith tionchar a imirt ar phraghas margaidh na n-earraí trína chuid nó a cuid gníomhaíochtaí féin.<br><br>**Go leor díoltóirí**<br>Gníomhaíonn gach díoltóir go neamhspleách / féadann díoltóir aonair tionchar a imirt ar an gcainníocht a dhíoltar tríd an bpraghas a ghearrann sé as an aschur.<br><br>**Táirgí difreáilte**<br>Tá difríochtaí idir na hearraí a tháirgtear / Is féidir le gnólachtaí leas a bhaint as brandáil, fógraíocht chun idirdhealú a dhéanamh idir a n-earraí féin agus earraí a gcuid iomaitheoirí.<br><br>**Eolas atá beagnach foirfe.**<br>Tá eolas atá beagnach iomlán ag gach gnólacht sa mhargadh maidir leis na brabúis a thuilleann na gnólachtaí eile sa tionscal.<br><br>**Féachann gach gnólacht leis an oiread brabús a dhéanamh agus is féidir**<br>Is é aidhm gach gnólachta an chainníocht sin a sholáthar inarb ionann CI (Costas Imeallach) agus II (Ioncam Imeallach).<br>Féachfaidh gach gnólacht leis na costais a laghdú an oiread agus is féidir freisin. | 2 @ 6 |

| C | Freagraí féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|
| (c) | Tá méadú ag teacht ar líon na ngnólachtaí, ar nós Greenstar, Clean Ireland, AES agus Mr Binman, atá ag soláthar seirbhísí bailithe dramhaíl tí in Éirinn.<br><br>Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhuntáiste eacnamaíochta agus ar mhíbhuntáiste eacnamaíochta **amháin** a d'fhéadfadh a bheith ag baint le níos mó gnólachtaí a bheith ag teacht isteach i margadh na seirbhísí bailithe dramhaíl tí.<br>**(24 marc)** | |
| | **Buntáistí a d'fhéadfadh a bheith i gceist le méadú ar** iontráil sa mhargadh | 2 @ 9 |
| | **Praghsanna níos iomaíche**<br>D'fhéadfadh sé go laghdódh iomaitheoirí a gcuid praghsanna chun custaiméirí nua a mhealladh.<br><br>**Réimse/rogha níos fearr seirbhísí**<br>D'fhéadfadh sé go dtabharfadh iomaitheoirí seirbhísí nua isteach e.g. araid dhonn chun custaiméirí a mhealladh.<br><br>**Cáilíocht seirbhísí níos fearr / níos nuálaí**<br>D'fhéadfadh iomaitheoirí feabhas a chur ar cháilíocht na seirbhíse a sholáthraíonn siad e.g. amanna níos oiriúnaí a thairiscint (bailiúcháin níos minice) don tomhaltóir amhail bailiúchán go luath ar maidin, córas íoc in aghaidh an mheáchain a thairiscint.<br><br>**Éifeachtúlacht á hardú ag gnólachtaí**<br>B'fhéidir go dtabharfaí ar ghnóthais éirí níos éifeachtaí i soláthar a seirbhíse agus a bheith níos inbhuanaithe chun dul san iomaíocht le hiomaitheoirí nua. | |
| | **Mhíbhuntáistí a d'fhéadfadh a bheith i gceist le méadú ar** iontráil sa mhargadh | 1 @ 6 |
| | **Dúbláil seirbhísí**<br>D'fhéadfadh sé go bhfaigheann roinnt custaiméirí seirbhís óna lán gnólachtaí agus d'fhéadfadh sé go bhfuil a lán acmhainní ganna á gcur amú.<br><br>**D'fhéadfadh sé nach bhfaigheann roinnt custaiméirí seirbhís ar bith**<br>Má tá cónaí ar chustaiméir i gceantar an-iargúlta d'fhéadfadh sé go bhfuil sé neamhbhrabúsach seirbhís a chur ar fáil nó d'fhéadfadh sé go bhfuil an tseirbhís á cur ar fáil ar phraghas ard.<br><br>**D'fhéadfadh sé a bheith deacair comparáid a dhéanamh idir praghsanna**<br>D'fhéadfadh sé go bhfuil sé deacair ag custaiméirí comparáid a dhéanamh idir na praghsanna a ghearrann na soláthraithe seirbhíse mar go bhféadfadh difríocht a bheith sa chur síos ar an tseirbhís.<br><br>**Laghdú ar sciar an mhargaidh**<br>D'fhéadfadh sé go gcaithfeadh gnólachtaí atá ann cheana aghaidh a thabhairt ar laghdú i ndíolachán, i mbrabúis agus d'fhéadfadh laghdú ar an bhfostaíocht a bheith mar thoradh air sin. | |

| **C2 Margaí, Éileamh agus Soláthar, Feithiclí leictreacha** |
|---|

| | Freagraí féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|
| **(a)** | Léiríonn an t-eolas thíos an chainníocht de cheapairí a éilítear agus an chainníocht díobh a sholáthraítear ar phraghsanna difriúla i gceaintín scoile. | |

| Praghas € | An Chainníocht a Éilítear (aonaid) | An Chainníocht a Sholáthraítear (aonaid) |
|---|---|---|
| 5.00 | 100 | 500 |
| 4.50 | 200 | 400 |
| 4.00 | 300 | 300 |
| 3.50 | 400 | 200 |
| 3.00 | 500 | 100 |

Agus tú ag úsáid an eolais thuas ar léaráid **amháin**:


**(a)** (i) Tarraing agus lipéadaigh cuar an éilimh ar cheapairí.

(ii) Tarraing agus lipéadaigh cuar soláthair na gceapairí.

(iii) Taispeáin ar do léaráid:

- Praghas cothromaíochta na gceapairí (úsáid **$P_1$**)
- Cainníocht chothromaíochta na gceapairí (úsáid **$C_1$**).

(is ceadmhach grafpháipéar a úsáid más mian leat) **(30 marc)**




**Graf:**

D/C: 5 phointe ar 2 mharc an ceann = 10 marc

S/C: 5 phointe ar 2 mharc an ceann = 10 marc

Lipéid: P, C, É/Cost agus C/S = 4 mharc

$P_1$ agus $C_1$ : 2 x 3 mharc an ceann = 6 mharc

| C | Freagraí féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|
| **(b)** | Is féidir go mbogfaidh cuar an éilimh ar cheapairí **nó** cuar soláthair na gceapairí ar dheis nó ar chlé mar gheall ar na nithe seo a leanas:<br>• Ardú ar chostas na gcomhábhar sna ceapairí<br>• 200 mac léinn breise ar cuairt de bharr comórtas lúthchleasa a bheith ar siúl sa scoil.<br><br>Maidir le **gach** ceann de na nithe thuas, freagair na **trí** cheist seo a leanas:<br>(i) Luaigh cé acu cuar an éilimh **nó** cuar an tsoláthair a bhogfaidh.<br>(ii) Luaigh cé acu ar dheis **nó** ar chlé a bhogfaidh an cuar a luann tú.<br>(iii) Mínigh cén fáth a mbogfaidh an cuar sa treo a luann tú.<br>**( 20 marc)** | |

| | Ardú ar chostas na gcomhábhar sna ceapairí. | Marc. | 200 mac léinn breise ar cuairt de bharr comórtas lúthchleasa a bheith ar siúl sa scoil. | Marc. |
|---|---|---|---|---|
| **É/Cost nó** S/C? | Cuar an tSoláthair | 4 | Cuar an Éilimh | 4 |
| Bogadh ar dheis **nó** ar chlé? | Ar chlé | 4 | Ar dheis | 4 |
| Mínigh | Tá méadú tagtha ar an gcostas táirgeachta agus laghdóidh an soláthraí an soláthar. | 2 | Éileoidh na scoláirí breise, má bhíonn an t-airgead acu, ceapairí agus mar sin méadóidh an t-éileamh ar cheapairí ar lá an chomórtais. | 2 |
| | | 10 | | 10 |

| | Freagraí féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|
| **(c)** | I gCáinaisnéis 2019, leathnaigh an Rialtas an deontas €5,000 chun feithicil leictreach a cheannach.<br>(i) Tabhair breac-chuntas ar chúis eacnamaíochta **amháin** a ndearna an rialtas an beart thuasluaite.<br>(ii) Luaigh agus mínigh slí **amháin** a bhfeadfadh tionchar eacnamaíochta a bheith ag an mbeart thuas ar an éileamh ar fheithiclí leictreacha in Éirinn.<br>(iii) Luaigh agus mínigh **dhá bheart eile** a d'fhéadfadh rialtas na hÉireann a dhéanamh chun ceannach feithiclí leictreacha a spreagadh. **(25 marc)** | |
| | (i) Tabhair breac-chuntas ar chúis eacnamaíochta **amháin** a ndearna an rialtas an beart thuasluaite. | **6<br>(4 + 2)** |
| | **Astaíochtaí $CO_2$ /comhshaol níos glaine**<br>Cuideoidh na feithiclí sin le hastaíochtaí a laghdú agus cuideoidh siad le hÉirinn gan a bheith neamhdhíobhálach don chomhshaol.<br>**Laghdú ar an spleáchas ar bhreoslaí iontaise**<br>Má laghdaíonn an t-éileamh ar charranna díosail agus peitril laghdóidh an t-éileamh ar dhíosal agus ar pheitreal freisin.<br>**Spriocanna athraithe aeráide an AE**<br>Tá Éire tiomanta dá spriocanna athraithe aeráide an AE a bhaint amach ach táimid ag titim chun deiridh faoi láthair. D'fhéadfadh an beart thuas, má éiríonn leis, cuidiú le hÉirinn éirigh níos gaire dá sprioc AE.<br>**Laghdú ar fhíneálacha AE**<br>Níos mó airgid ar fáil d'úsáidí eile (deischostas). | |
| | (ii) Luaigh agus mínigh slí **amháin** a bhfeadfadh tionchar eacnamaíochta a bheith ag an mbeart thuas ar an éileamh ar fheithiclí leictreacha in Éirinn. | **7<br>(5 + 2)** |
| | **Ba chóir go méadódh an t-éileamh.**<br>De réir mar a éireoidh feithiclí leictreacha níos iomaíche méadóidh an t-éileamh ar fheithiclí nua. | |
| | (iii) Luaigh agus mínigh **dhá** bheart eile a d'fhéadfadh rialtas na hÉireann a dhéanamh chun ceannach feithiclí leictreacha a spreagadh | **2 x 6<br>(4 + 2)** |
| | **Mótarcháin/VRT a laghdú**<br>Sann mótarcháin níos ísle d'fheithiclí leictreacha. (Tá feithiclí leictreacha sa bhanda cánach is ísle faoi láthair €120)/Tá VRT níos ísle ar cheannach feithiclí leictreacha.<br>**Pointí plugála isteach / pointí luchtaithe ar fud na tíre / deontais i gcomhair luchtairí tí a shuiteáil.** Le níos mó pointí inar féidir carr a phlugáil isteach éascófar úsáid carranna leictreacha.<br>**Cead a thabhairt d'fheithiclí leictreacha úsáid a bhaint as lánaí bus**<br>D'fhéadfadh an úsáid as lánaí bus cónaitheoirí uirbeacha a mhealladh chun carranna leictreacha a cheannach.<br>**Páirceáil saor in aisce:** páirceáil saor in aisce a chur ar fáil do charranna leictreacha a laghdóidh costais agus a bheidh ina dhreasacht eile.<br>**Bain / laghdaigh dolaí mótarbhealaigh**<br>Díolmhaigh carranna leictreacha ó dholaí mótarbhealaigh ar bhóithre uile na hÉireann.<br>**Laghdaigh cánacha sochar comhchineáil:** spreagfadh sin úsáid feithiclí leictreacha ag cuideachtaí. | |

**C3 An margadh saothair**

| | Freagraí féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|
| **(a)** | Mínigh **trí cinn ar bith** de na téarmaí seo a leanas:<br>• Ráta an íosphá náisiúnta<br>• So-aistritheacht gairme lucht saothair<br>• Sochar comhchineálach<br>• Fostaíocht san earnáil phoiblí. **(21 marc)**<br><br>Ráta an íosphá náisiúnta<br>An pá is ísle nach mór d'fhostóirí a íoc lena gcuid fostaithe in aghaidh na huaire, de réir an dlí.<br><br>So-aistritheacht gairme lucht saothair<br>Chomh héasca atá sé d'oibrithe aistriú ó phost amháin go post eile.<br><br>Sochar comhchineálach<br>Íocaíocht le hoibrí i bhfoirm neamhairgid atá incháinithe /<br>Sochar a fhaigheann fostaí nach féidir é a thiontú go hairgead tirim ach a bhfuil luach airgid thirim air.<br><br>Fostaíocht san earnáil phoiblí<br>Oibrithe atá fostaithe ag an stát / íocann an rialtas a bpá. | **1 @ 11**<br>**2 @ 5** |
| **(b)** | Tá ról tábhachtach ag an <u>saothar</u> i bhforbairt geilleagair.<br>(i) Mínigh an téarma a bhfuil líne faoi.<br>(ii) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** chúis a bhféadfadh fostóirí a bheith ag éileamh breis saothair.<br>(iii) Luaigh agus mínigh **dhá** thoisc a spreagfadh breis daoine chun a bheith páirteach sa lucht saothair. **(30 marc)**<br><br>(i) Mínigh an téarma a bhfuil líne faoi.<br><br>Iarracht an duine earra nó seirbhís a tháirgeadh.<br><br>(ii) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** chúis a bhféadfadh fostóirí a bheith ag éileamh breis saothair.<br><br>**Éileamh ar aschur / táirge**<br>Má bhíonn méadú ar an éileamh ar sheirbhísí/earraí an ghnólachta, d'fhéadfadh méadú teacht ar an éileamh ar oibrithe breise.<br><br>**Beartais an rialtais**<br>Dá ndéanfadh an rialtas níos saoire é oibrithe a fhostú, d'fhéadfadh an gnólacht oibrithe breise a fhostú, e.g. laghdú ar ÁSPC an fhostóra; laghdú ar an gcáin bhrabúis chorparáide; dreasachtaí a thairiscint as duine atá dífhostaithe go fadtéarmach a fhostú, etc. | <br><br><br><br><br><br><br><br>**6**<br><br>**2 @ 6**<br>**(3+3)** |

| C | Freagraí féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|
| | **Laghdú ar an íosphá náisiúnta**<br>Dá laghdófaí an ráta náisiúnta íosphá, d'fhéadfadh na costais táirgeachta titim.<br>B'fhéidir go mbeadh an gnólacht in ann oibrithe breise a fhostú dá thoradh.<br><br>**D'fhéadfadh an lucht saothair a bheith níos saoire ná an teicneolaíocht**<br>Más é sin an cás, d'fhéadfadh fostóirí lucht saoire breise a éileamh.<br><br>(iii) Luaigh agus mínigh **dhá** thoisc a spreagfadh breis daoine chun a bheith páirteach sa lucht saothair.<br><br>D'fhéadfadh sé a bheith níos tairbhiúla do dhaoine atá dífhostaithe dul isteach sa lucht oibre dá ndéanfaí na **rátaí pá a mhéadú**.<br><br>**Laghdú ar shochair stáit**<br>Trí na sochair stáit a laghdú d'fhéadfadh go gcinnfeadh níos mó daoine dul isteach sa lucht oibre.<br><br>**Laghdú ar cháin ioncaim / MSU**<br>Trí na rátaí cánach ioncaim a laghdú méadaíonn an glánphá agus d'fhéadfadh sé sin roinnt daoine a spreagadh chun dul isteach sa lucht oibre.<br><br>**Uaireanta oibre níos solúbtha**<br>Má thairgtear uaireanta oibre níos solúbtha d'fhéadfaí fir/mná tí a spreagadh chun dul isteach sa lucht oibre.<br><br>**Seirbhísí feighlíochta leanaí níos saoire/ infhaighteacht naíolann / méadú ar shaoire thuismitheoireachta**<br>Trí sheirbhísí cúraim leanaí a sholáthar / áiteanna réamhscólaíochta saor in aisce – b'fhéidir go mbeadh sé níos áisiúla d'oibrithe ag a bhfuil leanaí dul ag obair.<br><br>**Pinsinéirí ag dul isteach sa lucht oibre arís**<br>Má dhéantar an aois scoir a shíneadh nó má chuirtear deireadh leis bheadh níos mó daoine ábalta dul isteach sa lucht oibre.<br>D'fhéadfadh sé go gceapann duine atá ar scor nach leor a bpinsean agus mar sin go lorgóidís roinnt uaireanta oibre.<br><br>**Athrú ar chúinsí pearsanta**<br>Má tá na leanaí d'aois scoile anois d'fhéadfadh sé go mbeadh an tuismitheoir tí ábalta dul isteach sa lucht oibre arís.<br><br>**Dreasachtaí a chur ar fáil chun oibrithe a uas-sciliú**<br>Cuir dreasachtaí ar fáil dóibh siúd ar mian leo a ghnólachtaí féin a chur ar bun nó cuir rochtain ar fáil chun daoine a uas-sciliú agus cuir athoiliúint ar dhaoine a bhféadfadh a bpost a bheith caillte acu chun cuidiú leo bheith níos infhostaithe. | **2 @ 6 (3+3)** |
| **(c)** | I ngeilleagar na hÉireann faoi láthair, tá ganntanas scileanna ann in earnálacha áirithe, mar shampla, sa tógáil, TF, sláinte agus san oideachas.<br>(i) Déan plé ar shlí **amháin**, ó thaobh na heacnamaíochta de, a dtéann ganntanas scileanna i bhfeidhm ar **gach** ceann díobh seo a leanas:<br>• Gnólachtaí<br>• Geilleagar na hÉireann. | |

| C | Freagraí féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|
| (c) | (ii) Luaigh agus mínigh **dhá** bheart a d'fhéadfadh gnólachtaí a dhéanamh chun soláthar an luchta saothair oilte a mhéadú. **(24 marc)** | |
| | (i) **Gnólachtaí:**<br>D'fhéadfadh sé gur ghá aschur a laghdú/ táirgiúlacht laghdaithe / soláthar seirbhísí a laghdú mar gheall ar easpa lucht saothair /d'fhéadfadh sé go rachadh caighdeán an táirge in olcas.<br>D'fhéadfadh gnólachtaí custaiméirí a chailleadh mura bhfuil siad in ann freastal ar éileamh / éifeacht ar cháil.<br>D'fhéadfadh gnólachtaí sciar den mhargadh a chilleadh le hiomaitheoirí mura bhfuil ganntanas saothair ag na hiomaitheoirí sin.<br>D'fhéadfadh sé go mbrúfaí an ráta pá suas chun oibrithe a mhealladh chun oibre.<br>D'fhéadfadh go mbeadh ar ghnólachtaí lucht saothair a fhoinsiú ó áiteanna lasmuigh den tír.<br>**Geilleagar na hÉireann:**<br>D'fhéadfadh sé nach lonnódh cuideachtaí eachtracha anseo mar gheall ar ghanntanas lucht saothair agus mar sin, ní dhéanfaí infheistíocht in Éirinn.<br>Tagann méadú ar an inimirce mar go bhféadfadh sé go ndéanfadh na tionscail sin a bhfuil oibrithe oilte de dhíth orthu iarracht oibrithe a thabhairt isteach ó áiteanna eile taobh amuigh d'Éirinn.<br>Brú i soláthar roinnt seirbhísí i.e. oideachas agus sláinte mar gheall ar an easpa lucht saothair/ easpa tithíochta riachtanaí (agus na fadhbanna a bhaineann leis seo).<br>Méadú ar an éileamh ar chúrsaí in institiúidí teicneolaíochta/ollscoileanna.<br>Laghdú ar an bhfás geilleagrach/ caillteanas ioncaim don rialtas e.g. ÍMAT, CPT, etc. | **2 @ 6 (3+3)** |
| | (ii) Dhá bheart a d'fhéadfadh gnólachtaí a dhéanamh chun soláthar an lucht saothair oilte a mhéadú:<br>**Lucht saothair atá ann faoi láthair a uasoiliúint/oiliúint intí a chur ar fáil**<br>Deis a thabhairt d'oibrithe reatha cúrsaí a dhéanamh chun a scileanna/ eolas a thabhairt cothrom le dáta etc.<br>**Rátaí pá a ardú**<br>D'fhéadfadh sé go meallfadh seo roinnt oibrithe chun oibriú sna hearnálacha sin ina bhfuil ganntanas lucht saothair.<br>**Intéirneachtaí**<br>Cuir socrúcháin oibre/intéirneachtaí ar fáil do dhaoine a bhfuil suim acu sa réimse agus meall iad le hoibriú san earnáil seo.<br>**Feachtas faisnéise**<br>Cuir daoine ar an eolas go bhfuil folúntais ar fáil agus cur chun cinn na buntáistí a bhaineann le slí bheatha sa tógáil, TF, sláinte agus san oideachas.<br>**Cóiríocht fhóirdheonaithe a sholáthar/a thairiscint**<br>Dá dtabharfaí fóirdheontais do chostais na bhfostaithe, d'fhéadfadh sé oibrithe a mhealladh chun oibriú sa ghnólacht.<br>**Aitheantas gnólachtaí Éireannacha do cháilíochtaí iasachta**<br>D'fhéadfadh gnólachtaí na cáilíochtaí a fhaigheann oibrithe i dtíortha iasachta a aithint. | **2 @ 6 (3+3)** |

**Q4 Trádáil agus Ciste 'Lá na Coise Tinne' in Éirinn**

<table>
<tr><th>C</th><th>Freagraí féideartha</th><th>Uas-Mharc</th></tr>
<tr><td>(a)</td><td>Mínigh trí cinn ar bith de na téarmaí seo a leanas:<ul><li>Geilleagar oscailte</li><li>Ráta malairte</li><li>Fás geilleagrach</li><li>Taraifí.</li></ul>(21 marc)<br><br>Geilleagar oscailte<br>Bíonn sé i mbun trádáil idirnáisiúnta, i.e. déanann sé earraí agus seirbhísí a iompórtáil agus a easpórtáil.<br><br>Ráta malairte<br>Is é seo luach airgeadra amháin léirithe i dtéarmaí airgeadra eile.<br><br>Fás geilleagrach<ul><li>Is é sin an méadú ar OTN/aschur (luach earraí & seirbhísí)/ ioncam náisiúnta in aghaidh an duine i dtír thar thréimhse ama.</li><li>Méadú ar chumas táirgthe geilleagair.</li></ul>Taraifí<br>Is cáin í seo ar earraí a iompórtáiltear ón gcoigríoch.</td><td>1 @ 11<br>2 @ 5</td></tr>
<tr><td>(b)</td><td>Beidh lucht tacaíochta rugbaí na hÉireann ag taisteal go dtí an tSeapáin faoi choinne Chorn Rugbaí an Domhain in 2019.<br>(i) An sampla d'iompórtáil dhofheicthe nó d'easpórtáil dhofheicthe é seo i gcás gheilleagar na hÉireann? Mínigh do fhreagra.<br>(ii) Mínigh cad a chiallaíonn barrachas ar Chomhardú Trádála na hÉireann.<br>(iii) Tabhair breac-chuntas ar dhá bhuntáiste eacnamaíochta atá ag an trádáil idirnáisiúnta do gheilleagar na hÉireann.<br>(30 marc)<br><br>(i) Is sampla é seo d'iompórtáil dhofheicthe mar go bhfuil an t-airgead ag fágáil na tíre agus ag dul isteach i ngeilleagar na Seapáine/ eis-sreabhadh cistí ó Éirinn.<br><br>(ii) Mínigh cad a chiallaíonn barrachas ar Chomhardú Trádála na hÉireann.<br><br>Is mó méid na n-earraí a easpórtáil ná méid na n-earraí a iompórtáiltear.<br>Ciallaíonn sé seo go bhfuil easpórtálacha afisiciúla/inláimhsithe níos mó ná iompórtálacha fisiciúla/inláimhsithe.</td><td>4<br>3<br><br>9</td></tr>
</table>

| C | Freagraí féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|
| | (iii) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhuntáiste eacnamaíochta atá ag an trádáil idirnáisiúnta do gheilleagar na hÉireann.<br><br>**Cruthú fostaíochta**<br>Nuair is ann d'easpórtálacha is ann d'éileamh méadaithe ar earraí a táirgeadh in Éirinn, agus bíonn breis fostaíochta ann dá bharr. D'fhéadfadh sé go gcruthófaí poist san earnáil dáilte nuair a iompórtáiltear earraí.<br><br>**Méadú ar OTN/ Fás geilleagrach**<br>Eascróidh ioncam méadaithe laistigh den tír as an airgead a fhaightear ó easpórtálacha (instealladh isteach sa sreabhadh ciorclach).<br><br>**Méadú ar dhíolacháin/ar bhrabúis**<br>D'fhéadfadh gnólachtaí intíre a gcuid díolachán/brabúis a mhéadú trína n-aschur barrachais a easpórtáil chuig margadh eachtrach / barainneachtaí scála.<br>Is féidir le fáltas airgeadraí eachtracha cúlchistí na hÉireann a fheabhsú / an t-airgeadas a chur ar fáil chun cabhrú íoc as ár gcuid iompórtálacha.<br><br>**Infheistíocht a mhealladh**<br>Méadóidh easpórtálacha móra an mhuinín as geilleagar na hÉireann agus d'fhéadfadh sé go gcuideodh sé le hinfheistíocht bhreise a mhealladh go hÉirinn.<br><br>**Airgeadas an rialtais**<br>Déanfaidh gníomhaíocht gheilleagrach mhéadaithe ioncam cánach méadaithe a ghiniúint don rialtas e.g. CBL / ÍMAT / CPT. Má chuireann an rialtas taraifí ar earraí iompórtáilte áirithe, saothróidh sé sin ioncam don stát freisin.<br><br>**Rogha níos fairsinge le haghaidh tomhaltóirí**<br>Tá rogha i bhfad níos fairsinge earraí agus seirbhísí ar fáil do thomhaltóirí leis an trádáil.<br><br>**Amhábhar nach bhfuil ar fáil in Éirinn**<br>Is féidir amhábhair, nach bhfuil ar fáil, a iompórtáil i.e. ola. Ní oireann aeráid na hÉireann do thorthaí áirithe a fhás i.e. oráistí. | **2 @ 7 (4+3)** |

| C | Freagraí féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|
| (c) | Tá an rialtas ag pleanáil €500m a chur isteach i gCiste '**Lá na Coise Tinne**' in Éirinn ó 2019 ar aghaidh. Tá deischostas ag baint leis seo.<br>**Nóta:** Cuireadh an ciste seo ar bun chun cuidiú leis an ngeilleagar tuairteanna eacnamaíochta, e.g. an Breatimeacht, cogaí trádála, géarchéimeanna baincéireachta etc., a bhainistiú sa todhchaí.<br>(i) Mínigh an téarma **deischostas**.<br>(ii) An rud maith é Ciste Lá na Coise Tinne, dar leat? Mínigh do fhreagra.<br>(iii) Mol **dhá** shlí a bhféadfaí úsáid a bhaint as an €500m seachas é a chur i gCiste Lá na Coise Tinne. Tabhair fáth **amháin** le do fhreagra i n**gach** cás. **(24 marc)** | |
| | (i) **Deischostas**<br>▪ Costas na roghanna eile a tharscaoiltear.<br>▪ An costas a bhaineann leis an gcéad rogha eile is fearr a scaoileadh tharat agus cinneadh á dhéanamh agat. | **6** |
| | (ii) An rud maith é Ciste Lá na Coise Tinne, dar leat? Mínigh do fhreagra.<br>**IS EA.**<br>Cuirfidh sé ciste ar fáil don rialtas lena úsáid dá dtiocfadh deacrachtaí chun cinn sa gheilleagar cosúil lenar tharla in 2008. Is féidir é a úsáid i gcás éigeandála más gá.<br>Dá gclisfeadh go tobann ar an ngeilleagar, bheadh airgead ar fáil don rialtas / dá mbeadh laghdú ar an gcáin agus dá mbeadh cistí ag teastáil chun cabhrú le gnólachtaí oiriúnú i gcás Breatimeacht crua / d'fhéadfadh sé nach mbeadh bearta déine ag teastáil sa todhchaí.<br>**NÍ HEA.**<br>D'fhéadfaí na cistí a úsáid sa gheilleagar anois sna réimsí sin a bhfuil airgeadas de dhíth orthu e.g. tithíocht, earnáil sláinte, oideachas, etc. | **6** |
| | (iii) Mol **dhá** shlí a bhféadfaí úsáid a bhaint as an €500m seachas é a chur i gCiste Lá na Coise Tinne. Tabhair fáth **amháin** le do fhreagra i n**gach** cás.<br>**Tithíocht shóisialta**<br>Tá go leor daoine gan dídean agus tá cóiríocht ag teastáil uathu.<br>**Ospidéil / scoileanna a thógáil**<br>Tá líon an daonra ag dul i méid agus tá níos mó scoileanna agus ospidéal ag teastáil. Tóg anois iad nuair atá airgead ar fáil agus rátaí úis íseal.<br>**Leathanbhanda a sholáthar**<br>Is tosaíocht é seo don stát chun iomaíochas na hÉireann a chothabháil.<br>**Córas iompair phoiblí a fheabhsú**<br>Infheistíocht a dhéanamh in iompar atá níos neamhdhíobhálaí don chomhshaol agus cabhrú le hÉirinn a spriocanna athraithe aeráide AE a chomhlíonadh.<br>**Seirbhísí poiblí a fheabhsú**<br>Cóimheasa níos fearr idir daltaí agus múinteoirí a sholáthar / líon na n-oibrithe san earnáil sláinte a mhéadú / faoisimh a sholáthar dóibh siúd a bhfuil cúram de dhíth orthu.<br>**An cúlchiste pinsin a mhéadú**<br>Tá daonra na hÉireann ag dul in aois agus beidh gá le pinsin a sholáthar sa todhchaí. | **2 @ 6 (4+2)** |

**C5 Modhanna íocaíochta neamhairgid, rátaí úis & dúnadh oifigí Poist**

| C | Freagraí féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|
| (a) | Tugann Ollscoil Mhaigh Nuad cárta cliste ar a dtugtar 'MyCard' do gach mac léinn lena úsáid ar an gcampas. Cuireann an cárta seo ar chumas na n-úsáideoirí rudaí a cheannach ar an gcampas gan airgead tirim a úsáid.<br>Tabhair breac-chuntas ar bhuntáiste **amháin** a bhaineann le modh íocaíochta **neamhairgid** i gcás **gach** ceann díobh seo a leanas:<br>• Na mic léinn<br>• An ollscoil<br>• Na bainc. **(21 marc)**<br><br>**Na mic léinn**<br>**Níos áisiúla**<br>Ní gá do mhic léinn airgead tirim a bheith acu chun íocaíocht a dhéanamh.<br>**Níos sábháilte**<br>Is lú seans go ngoidfear an t-airgead.<br>**Taifead digiteach**<br>Tá taifead leictreonach ar an airgead ar fad a chuirtear isteach sa chuntas agus a íoctar amach as an gcuntas.<br><br>**An ollscoil**<br>**Laghdú ar rioscaí slándála**<br>Nuair atá níos lú airgead tirim ar an gcampas, laghdaítear na rioscaí a bhaineann le hairgead tirim a stóráil, a aistriú agus an baol atá ann go ngoidfear é.<br>**Préimheanna árachais níos lú**<br>Ba cheart go dtiocfadh laghdú ar an árachas mar gur lú seans go ngoidfear an t-airgead.<br>**Áise/éifeachtúlacht**<br>D'fhéadfadh sé go dtiocfadh laghdú ar am a chaitear i scuaine chun íocaíochtaí a dhéanamh le hairgead tirim laistigh den ollscoil.<br><br>**Na bainc**<br>**Am a shábháil**<br>Tugtar sé deis don fhoireann dul i ngleic le ceisteanna eile atá ag tomhaltóirí agus mar sin, is féidir cinntí a dhéanamh níos tapúla.<br>**Teicneolaíochtaí nua/feabhsaithe baincéireachta a fhorbairt**<br>Ceapann na bainc modhanna nua chun déileáil le custaiméirí i.e. leas níos mó a bhaint as an teicneolaíocht chun éifeachtúlachtaí bainc a mhéadú.<br>**Líon na mball foirne a laghdú/ costas a laghdú**<br>D'fhéadfadh sé go mbeadh foireann ní ba lú ag teastáil sa bhanc agus go laghdófaí costais don bhanc.<br>**Laghdaítear an baol robála**<br>Má dhéantar íocaíochtaí ar líne/neamhairgid, is lú airgead tirim a bheidh sa bhanc agus mar sin, laghdaítear an baol go robálfar é. | **3 @ 7**<br>**(4+3)** |

<table>
<tr><th>C</th><th>Freagraí féideartha</th><th>Uas-Mharc</th></tr>
<tr><td>(b)</td><td>
Tá roinnt eacnamaithe ag tuar go dtiocfaidh ardú ar rátaí úis taobh istigh de bhliain. Mínigh conas is dócha a rachaidh ardú ar rátaí úis i bhfeidhm ar gach ceann díobh seo a leanas:
<ul><li>Teaghlaigh</li><li>Gnólachtaí</li><li>Rialtas na hÉireann. (24 marc)</li></ul>
Teaghlaigh
Díspreagtar iasachtaíocht/méadú ar aisíocaíochtaí morgáiste<br>Méadófar costas na n-aisíocaíochtaí míosúla (ar mhorgáistí inathraithe) agus beidh ioncam indiúscartha níos lú ann mar thoradh air sin.
Spreagtar coigilteas/díspreagtar caiteachas<br>Mar gheall ar ráta níos airde úis, d’fhéadfadh sé go mbeadh sé ní ba tharraingtí do theaghlaigh airgead a choigilt agus mar sin, laghdaíonn siad an méid airgid a chaitheann siad.
Gnólachtaí
Costas táirgthe/praghsanna<br>Méadaíonn muirir úis mhéadaithe an costas táirgthe agus mar sin, d’fhéadfadh sé go n-ardófaí praghsanna.
Laghdú ar iomaíochas<br>Laghdaítear a iomaíche atá easpórtálacha na ngnólachtaí Éireannacha mar gheall ar chostais mhéadaithe agus d’fhéadfadh sé go laghdófaí díolacháin agus mar thoradh air sin, go mbeadh níos lú iomaíochais ann go hidirnáisiúnta.
Caillteanas post<br>Má chliseann ar na díolacháin, d'fhéadfadh sé go dtiocfadh laghdú ar an méid fostaíochta nó nach mbeadh sé chomh daingean céanna.
Rialtas na hÉireann
Costas ar Fhónamh a dhéanamh ar an bhFiachas Náisiúnta<br>De bharr rátaí níos airde úis intíre, tagann méadú ar an gcostas a bhaineann leis an gcuid inmheánach den fhiachas náisiúnta a aisíoc.
Infheistíocht agus tionchar ar fhás geilleagrach<br>Agus an iasachtaíocht ag éirí níos costasaí, laghdaítear an dreasú chun infheistíocht a dhéanamh, rud is cúis leis an meath geilleagrach/san fhostaíocht agus leis an laghdú ar ghníomhaíocht gheilleagrach.
Ioncam cánachais<br>Méadóidh DIRT de bharr coigiltis mhéadaithe. Laghdú ar CBL/ar dhleachtanna máil mar thoradh ar an gcaiteachas laghdaithe. Má thagann méadú ar an dífhostaíocht, laghdaítear an t-ioncam ó cháin ioncaim etc.
</td><td>3 @ 8<br>(4+4)</td></tr>
</table>

| C | Freagraí féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|
| **(c)** | Tá céad seasca a haon oifig phoist le dúnadh in Éirinn sa bhliain atá romhainn. (*Foinse:* Nuacht RTÉ, *Lúnasa 2018*)<br>(i) Luaigh agus mínigh **dhá** chúis a d'fhéadfadh a bheith le dúnadh roinnt oifigí poist.<br>(ii) Tabhair breac-chuntas ar shlí **amháin**, ó thaobh na heacnamaíochta de, a bhféadfadh dúnadh na n-oifigí poist dul i bhfeidhm ar **gach** ceann díobh seo a leanas:<br>Custaiméirí na n-oifigí poist / Fostaithe na n-oifigí poist / An pobal áitiúil.<br>**(30 marc)** | |
| | (i) Luaigh agus mínigh **dhá** chúis a d'fhéadfadh a bheith le dúnadh roinnt oifigí poist. | **2 @ 6 (3+3)** |

| Ráiteas | Míniú |
|---|---|
| **Costais a laghdú** | Is mian le An Post costais oibriúcháin a laghdú agus cabhróidh sé le costais a laghdú má dhúntar roinnt oifigí poist / brabúis a mhéadú / seirbhísí a choinneáil i réimsí eile. |
| **Laghdú ar an úsáid a bhaintear as seirbhísí** | I gceantar áirithe, ní bhaineann tomhaltóirí úsáid as an oifig áitiúil phoist chomh minic sin agus mar sin, is lú éileamh atá ar na seirbhísí ann. |

| | | |
|---|---|---|
| | (ii) Tabhair breac-chuntas ar shlí **amháin**, ó thaobh na heacnamaíochta de, a bhféadfadh dúnadh na n-oifigí poist dul i bhfeidhm ar **gach** ceann díobh seo a leanas: | **3 @ 6 (3+3)** |

| Grúpa | Iarmhairt eacnamaíoch |
|---|---|
| **Custaiméirí** | **Seirbhís a chailleadh/míchaoithiúlacht**<br>D'fhéadfadh go mbeadh ar an gcustaiméir socruithe eile a dhéanamh do sheirbhísí a chuirtear ar fáil ag Oifig an Phoist amháin e.g. post, íocaíochtaí leasa shóisialaigh. |
| **Fostaithe** | **Caillteanas post**<br>D'fhéadfadh roinnt fostaithe a bpost a chailleadh de bharr dhúnadh an roinnt oifigí poist.<br>**Athshuí**<br>D'fhéadfadh sé go mbeadh ar roinnt fostaithe poist a ghlacadh in áiteanna nua agus mar sin go mbeadh costais bhreise orthu ag dul chuig an obair agus nach mbeadh sé chomh háisiúil céanna. |
| **An pobal áitiúil** | **Gníomhaíocht laghdaithe gheilleagrach/bánú na tuaithe**<br>D'fhéadfadh go ndéanfadh níos lú daoine siopadóireacht / gnó sa cheantar áitiúil agus d'fhéadfadh sé sin gníomhaíocht gheilleagrach sa bhaile a laghdú / todhchaí an bhaile a chur i mbaol.<br>**Caillteanais Phost**<br>Caillteanais dhíreacha post in earnáil na seirbhíse sa cheantar. |

**C6 Cánachas agus Cáinaisnéis 2019**

| C | Freagraí féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|
| | Is aidhmeanna tábhachtacha rialtais iad ioncam a chruinniú trí chánachas agus <u>imghabháil cánach</u> a laghdú. | |
| (a) | (i) Mínigh an téarma a bhfuil líne faoi agus luaigh sampla **amháin** d'imghabháil cánach**.**<br>(ii) Luaigh agus mínigh **dhá** chúis eacnamaíochta a bhfuil an cánachas riachtanach sa gheilleagar.<br>**(21 marc)** | |
| | (i) **Imghabháil cánach**<br>Tuairisceáin bhréagacha chánach a dhéanamh / gan tuairisceáin chánach a dhéanamh chun dliteanas cánach a íoslaghdú. | 5 |
| | Samplaí<br>1. Múinteoir ag tabhairt diancheachtanna nach ndéanann an t-ioncam seo a fhógairt chun críocha cánach.<br>2. Ag íoc as earra/seirbhís le hairgead tirim chun an praghas le CBL san áireamh a sheachaint. | 2 |
| | (ii) Luaigh agus mínigh dhá chúis eacnamaíochta a bhfuil an cánachas riachtanach sa gheilleagar.<br><br>**Ioncaim a sholáthar don rialtas / gníomhaíochtaí rialtas a mhaoiniú**<br>Teastaíonn ioncam cánach ón rialtas chun feidhmiú laethúil na tíre a mhaoiniú e.g. cosaint; póilíniú; etc.<br>**Seirbhísí poiblí a chur ar fáil**<br>Teastaíonn ioncam cánach ón rialtas le seirbhísí riachtanacha amhail cúram sláinte, scoileanna, etc., a chur ar fáil do shaoránaigh.<br>**Cabhrú leis an saibhreas a athdháileadh**<br>Is féidir leis an rialtas an cháin a bhailítear a athdháileadh i bhfoirm íocaíochtaí leasa shóisialaigh ar na saoránaigh sin a bhfuil airgead de dhíth orthu e.g. pinsean seanaoise, liúntas tuismitheora aonair, etc.<br>**Tionsclaíocht a chur chun cinn**<br>Is féidir fóirdheontais agus deontais a sholáthar chun cuidiú leis an tionsclaíocht agus chun an fhiontraíocht a spreagadh.<br>**Cuspóir sóisialta a bhaint amach**<br>Cáin charbóin chun an truailliú/damáiste don chomhshaol a laghdú. Cánacha a tugadh isteach, amhail CBL agus dleachtanna máil etc., chun díspreagadh a dhéanamh ar thobac a chaitheamh agus alcól a ól. Cánacha forchéimnitheacha chun dáileadh níos cothroime ioncam a bhaint amach.<br>**Comhardú na n-íocaíochtaí fabhrach a bhaint amach**<br>Ach cáin a chur ar iompórtálacha, d'fhéadfadh sé go dtiocfadh laghdú ar líon na n-iompórtálacha agus mar sin, go bhfeabhsófaí comhardú na n-íocaíochtaí sa tír. | **2 @ 7**<br>**(3 + 4)** |

| C | Freagraí féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|
| **(b)** | I gCáinaisnéis 2019, ardaíodh an ráta Cháin Bhreisluacha (CBL) a ghearrtar ar earnáil an fháilteachais (óstáin, bialanna, etc.) ó 9% go 13.5%<br>(i) Mínigh an téarma **Cáin Bhreisluacha**.<br>(ii) An sampla de cháin dhíreach nó de cháin indíreach é CBL? Mínigh do fhreagra.<br>(iii) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** shlí, ó thaobh na heacnamaíochta de, a d'fhéadfadh an t-ardú seo ar an ráta CBL in earnáil an fháilteachais dul i bhfeidhm ar gheilleagar na hÉireann. **(30 marc)** | |
| | (i) Mínigh an téarma **Cáin Bhreisluacha**.<br>Is cáin ar earraí agus ar sheirbhísí í seo. | **8** |
| | (ii) Is cáin indíreach í.<br>**Ní** cáin ar ioncam ná ar shaibhreas í / is cáin ar chaiteachas í. Íocann an tomhaltóir / an t-úsáideoir í agus bailítear trí thríú páirtí í. | **3**<br>**3** |
| | (iii) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** shlí, ó thaobh na heacnamaíochta de, a d'fhéadfadh an t-ardú seo ar an ráta CBL in earnáil an fháilteachais dul i bhfeidhm ar gheilleagar na hÉireann. | **2 @ 8**<br>**(4+4)** |
| | **Praghsanna níos airde**<br>D'fhéadfadh gnólachtaí praghsanna a mhéadú agus go mbeadh laghdú ar an éileamh ar sheirbhísí mar gheall air seo / go mbeadh méadú ar laethanta saoire a ghlacadh thar lear. D'fhéadfadh sé go laghdófaí líon na dturasóirí a thugann cuairt ar Éirinn. | |
| | **Cailliúint post/méadú ar an dífhostaíocht**<br>D'fhéadfadh sé go gcaillfí poist. Má laghdaítear an t-éileamh, d'fhéadfadh sé nach mbeadh an líon céanna oibrithe de dhíth. | |
| | **Díspreagtar (nó athraítear seans) caiteachas / fás geilleagrach**<br>Má mhéadaíonn praghsanna i mbialanna / óstáin etc. d'fhéadfadh sé go dtiocfadh laghdú ar an gcaiteachas foriomlán a dhéanann Éireannaigh agus turasóirí agus go dtiocfadh meath ar an ngníomhaíocht gheilleagrach mar gheall air sin. Is féidir le daoine an cháin seo a sheachaint nó a íoslaghdú bunaithe ar na roghanna pearsanta a dhéanann siad. | |
| | **Impleachtaí cánach**<br>Má fhanann an caiteachas mar atá, méadóidh an méid CBL a bhaileofar.<br>Má thagann laghdú ar an bhfostaíocht, tiocfaidh laghdú ar ioncam ó cháin ioncaim.<br>Má tá laghdú ar ghníomhaíocht ghnó, d'fhéadfadh sé go dtiocfadh laghdú ar an ioncam ó cháin chorparáide. Má mhéadaíonn ioncam CBL, d'fhéadfadh an rialtas cánacha eile a laghdú. | |
| | **Éifeachtúlachtaí níos mó a bhaint amach**<br>D'fhéadfadh sé go spreagfadh sé gnólachtaí le bheith níos éifeachtúla/níos nuálaí agus mar sin go rachadh sé chun tairbhe don tomhaltóir agus don gheilleagar san fhadtéarma. | |
| | **Cuirtear isteach ar óstáin faoin tuath**<br>D'fhéadfadh sé go gcuirfeadh an méadú sa cháin isteach níos mó ar óstáin/ bialanna faoin tuath ná na cinn i gceantair mhóra turasóireachta agus go gcuirfí as gnó iad. | |

| C | Freagraí féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|
| (c) | Tabhair breac-chuntas ar argóint eacnamaíochta **amháin i bhfabhar aon dá cheann** de na bearta rialtais seo a leanas a fógraíodh i gCáinaisnéis 2019, agus ar argóint eacnamaíochta **amháin ina n-éadan**:<br>• Ardú €5 in aghaidh na seachtaine ar íocaíochtaí leasa shóisialaigh.<br>• Ardú 50c ar phraghas pacáiste 20 toitín.<br>• 2 sheachtain bhreise de shaoire thuismitheoireachta le pá do gach tuismitheoir a bhfuil leanbh faoi bhliain amháin d'aois aige/aici.<br>**(24 marc)** | **4 @ 6 (3 + 3)** |

- Ardú €5 in aghaidh na seachtaine ar íocaíochtaí leasa shóisialaigh

| Argóint eacnamaíochta **ina fhabhar** | Argóint eacnamaíochta **ina éadan** |
|---|---|
| **Caighdeán maireachtála níos fearr**<br>Cuirtear níos mó ioncaim ar fáil don earnáil is boichte ionas gur féidir caighdeán maireachtála níos fearr a bhaint amach. D'fhéadfadh sé go ndéanfadh sé cúiteamh ar an méadú ar an gcostas maireachtála. | **Méadú ar chaiteachas / ar iasachtaíocht an Rialtais**<br>Caithfidh an rialtas níos mó airgid agus mar sin d'fhéadfadh go mbeadh níos mó iasachtaí ag teastáil uaidh chun caiteachas a mhaoiniú. |
| **Dáileadh níos cothroime ioncaim**<br>Cuidíonn an íocaíocht bhreise leis an mbearna idir na daoine saibhre agus na daoine bochta a laghdú agus dá thoradh sin, bíonn dáileadh níos cothroime ioncaim ann. D'fhéadfadh sé cabhrú le luach saothair a thabhairt do na pinsinéirí sin a chuidigh le fás an gheilleagair le linn a saoil oibre. | **Deischostas**<br>D'fhéadfaí an t-airgead a úsáid ar bhealaí eile e.g. chun tionscnaimh fostaíochta don óige, tionscnaimh oideachais agus oiliúna a mhaoiniú. |
| | **Féidearthacht maidir le cánachas méadaithe**<br>Leis an méadú ar chaiteachas an rialtais b'fhéidir go gcaithfeadh an rialtas cánacha díreacha / indíreacha a mhéadú chun an méadú sin a mhaoiniú. |
| | **Dídhreasú chun oibre**<br>D'fhéadfadh méadú ar íocaíochtaí leasa shóisialaigh daoine a dhíspreagadh chun dul isteach sa lucht saothair. |

| C | Freagraí féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|
| | • Ardú 50c ar phraghas pacáiste 20 toitín | |

| Argóint eacnamaíochta **ina fhabhar** | Argóint eacnamaíochta **ina éadan** |
|---|---|
| **Ioncam Rialtais**<br>Ardóidh an méadú seo ioncam cánach don rialtais. | **Caighdeán maireachtála**<br>Titfidh ioncam indiúscartha do chaiteoirí tobac agus tiocfaidh laghdú ar a gcaighdeán maireachtála dá bharr. |
| **Tomhaltas a laghdú / sláinte phearsanta**<br>D'fhéadfadh sé go dtiocfadh laghdú ar an tobac a chaitheamh agus go bhfeabhsófaí sláinte tomhaltóirí. D'fhéadfadh sé daoine óga a dhíspreagadh ó thobac a chaitheamh. | **Boilsciú**<br>Ardaítear praghsanna na dtáirgí tobac agus cuirtear sin san áireamh san Innéacs Praghsanna do Thomhaltóirí agus mar sin, tagann méadú ar an ráta boilscithe. |
| **Tairbhe shóisialta**<br>Dá mbeadh an tsochaí ní ba shláintiúla, d'fhéadfadh sé go mbeadh ní ba neamhláithreachta ann agus go mbeadh sí ní ba tháirgiúla. | **Éagothromasach/aischéimnitheach**<br>D'fhéadfadh sé go gceapfaí go bhfuil sé míchothrom mar nach mbaineann sé ach le lucht caite tobac. |
| **Costais laghdaithe ar an gcúram sláinte**<br>De réir mar a éiríonn níos lú daoine tinn, beidh níos lú éilimh ar sheirbhísí sláinte agus mar sin, laghdófar costais chúraim sláinte. | **D'fhéadfadh go dtiocfadh méadú ar an smuigléireacht/ar an ngeilleagar dubh/scáthgheilleagar**<br>De réir mar a éiríonn toitíní níos costasaí, d'fhéadfadh tomhaltóirí athrú go toitíní smuigleáilte. |
| **Deischostas**<br>Is féidir leis an rialtas úsáidí eile a bhaint as an airgead nach bhfuil á íoc ar chúram sláinte. | **Ioncam cánach**<br>Más rud é go laghdaíonn tomhaltas agus/nó go méadaíonn smuigléireacht, seans go dtitfidh an t-ioncam cánach a mbailíonn an rialtas é. |

- 2 sheachtain bhreise de shaoire thuismitheoireachta le pá do gach tuismitheoir a bhfuil leanbh faoi bhliain amháin d'aois aige/aici.

| Argóint eacnamaíochta **ina fhabhar** | Argóint eacnamaíochta **ina éadan** |
|---|---|
| **Roinnt coigilteas costais**<br>Costais laghdaithe cúraim leanaí / níos mó ioncam indiúscartha. | **Méadú ar chaiteachas an rialtais**<br>Ní mór íoc as an tsaoire bhreise as an ioncam ginearálta cánach agus mar sin, d'fhéadfadh sé go méadófaí cánacha. |
| **Tairbhe shóisialta**<br>D'fhéadfadh sé go mbeadh oibrithe ní ba shásta ag an obair mar gheall go mbeidís in ann ní ba mhó ama a chaitheamh sa bhaile agus go rachadh sin chun tairbhe d'fhostóirí agus don tsochaí go ginearálta. | **Deischostas**<br>D'fhéadfadh an rialtas an t-airgead a caitheadh ar shaoire thuismitheoireachta a chaitheamh ar bhealach eile. |
| **Méadú sa daonra**<br>D'fhéadfadh sé go dtiocfadh méadú ar an ráta breithe agus go mbeadh aoisghrúpa níos mó ag íoc cánach amach anseo chun pinsin a mhaoiniú. | **Ganntanas sa lucht saothair**<br>Deacracht don fhostóir na folúntais shealadacha a thagann chun cinn a líonadh. |
| | |

| C7 Ioncam Náisiúnta, cuideachtaí ilnáisiúnta agus an t-iolraitheoir |
|---|

| C | Freagraí féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|
| (a) | Déanann an POS (CSO) leibhéal an Ioncaim Náisiúnta in Éirinn a ríomh agus baintear úsáid as trí mhodh leis sin a dhéanamh: modh an ioncaim; modh an aschuir agus modh an chaiteachais.<br>(i) Cad dó a seasann na litreacha POS?<br>(ii) Mínigh **aon** cheann de na trí mhodh a mbaintear úsáid astu chun an t-ioncam náisiúnta a ríomh.<br>(iii) Luaigh agus mínigh **dhá** chúis a bhfuil sé tábhachtach leibhéal an Ioncaim Náisiúnta i dtír a ríomh. **(24 marc)** | |
| | (i) Cad dó a seasann na litreacha POS?<br>**An Phríomh-Oifig Staidrimh** | 9<br>(3 @ 3) |
| | (ii) Mínigh **aon** cheann de na trí mhodh a mbaintear úsáid astu chun an t-ioncam náisiúnta a ríomh.<br>**Modh an ioncaim**<br>Leis an modh seo, suimítear an t-ioncam go léir a thuilleann tosca táirgiúlachta laistigh de gheilleagar thar thréimhse ama.<br>**Modh an aschuir**<br>Leis an modh seo, suimítear an t-aschur go léir a tháirgeann tosca táirgiúlachta laistigh de gheilleagar thar thréimhse ama.<br>**Modh an chaiteachais**<br>Leis an modh seo, suimítear an caiteachas go léir a dhéanann na tosca táirgiúlachta ar na hearraí/seirbhísí laistigh de gheilleagar thar thréimhse ama. | 5 |
| | (iii) Luaigh agus mínigh **dhá** chúis a bhfuil sé tábhachtach leibhéal an Ioncaim Náisiúnta i dtír a ríomh.<br>**Léiríonn sé athruithe ar leibhéal fáis an gheilleagair/ar an gcaighdeán maireachtála**<br>Léiríonn figiúir an ioncaim náisiúnta ráta fáis an gheilleagair/athruithe ar an gcaighdeán maireachtála sa tír ó bhliain go bliain.<br>**Chun cuidiú le beartas geilleagrach an rialtais a cheapadh / chun beartais an rialtais a mheas**<br>Cuireann staitisticí ioncaim náisiúnta eolas ar fáil don rialtas agus cabhraíonn siad leis beartais gheilleagracha chuí a roghnú don tír.<br>**Éascaítear comparáid idirnáisiúnta**<br>A bhuí le staitisticí ioncaim náisiúnta na hÉireann, is féidir comparáid a dhéanamh le ráta fáis an gheilleagair/dáileadh ioncam i dtíortha eile.<br>**Ranníocaíochtaí Bhuiséad AE**<br>Bunófar na ranníocaíochtaí a dhéanfaidh an Rialtas leis an Aontas Eorpach nó na sochair a gheofar ón Aontas ar na staitisticí. | 2 @ 5<br>(3 + 2) |

| C | Freagraí féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|
| **(b)** | Cúis amháin a d'fhéadfadh a bheith le lonnú cuideachtaí ilnáisiúnta (CIN-anna; MNCs sa Bhéarla) ar nós Google agus Apple in Éirinn ná ráta íseal na cánach corparáide.<br><br>(i) Mínigh na téarmaí **cuideachta ilnáisiúnta** agus **cáin chorparáide**.<br>(ii) Déan plé ar **dhá** chúis eacnamaíochta **eile** a lonnódh CIN-anna in Éirinn.<br>(iii) Déan plé ar chúis eacnamaíochta **amháin nach** lonnódh roinnt CIN-anna in Éirinn.<br>**(30 marc)** | |
| | (i) Mínigh na téarmaí **cuideachta ilnáisiúnta** agus **cáin chorparáide**. | **2 @ 6** |
| | **Cuideachta Ilnáisiúnta**<br>Tá oifigí / brainsí / gníomhaíochtaí gnó i roinnt tíortha ar fud an domhain ach bainistítear iad ó thír amháin (baile).<br><br>**Cáin chorparáide**<br>Is cáin í seo a ghearrtar ar na brabúis a dhéanann cuideachtaí. Is é 12.5% an ráta cánach corparáide na hÉireann. | |
| | (ii) Déan plé ar **dhá** chúis eacnamaíochta **eile** a lonnódh CIN-anna in Éirinn. | **2 @ 6 (3+3)** |
| | **Lucht saothair sároilte**<br>Cé go bhfuil ganntanas áirithe scileanna ann, tá lucht saothair oilte a labhraíonn Béarla in Éirinn. Cé is moite de Mhálta, is í Éire an t-aon tír atá ina ball den AE anois ina labhraítear Béarla.<br><br>**Dreasachtaí rialtais**<br>D'fhéadfadh sé go gcuirfeadh an rialtas deontais ar fáil chun lonnú in áiteanna áirithe sa tír. Fáil ar dheontas ilfheidhmeach a sholáthraíonn IDA.<br><br>**Ballraíocht san AE**<br>Toisc gur ball den AE í Éire d'fhéadfadh cuideachtaí ilnáisiúnta lonnú anseo toisc go dtugann sé rochtain oscailte dóibh ar mhargadh an AE.<br><br>**Bonneagar feabhsaithe**<br>Tháinig feabhas ar an mbonneagar iompair agus cuireann seo ar chumas gnólachtaí earraí a chur chun an mhargaidh, amhábhair a fhoinsiú, etc. Leathanbhanda. | |

| C | Freagraí féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|
| | (iii) Déan plé ar chúis eacnamaíochta **amháin nach** lonnódh roinnt CIN-anna in Éirinn<br><br>**Costais níos ísle phá in áiteanna eile**<br>D’fhéadfadh sé go mbeadh rátaí pá lasmuigh d'Éirinn níos ísle agus tá seo mealltach do roinnt cuideachtaí ilnáisiúnta.<br><br>**Costais táirgeachta níos ísle**<br>D’fhéadfadh sé go mbainfeadh gnólachtaí tairbhe as táillí níos ísle thar lear: praghsanna fuinnimh, táillí fóntais, costais árachais, táillí gairmiúla, etc.<br><br>**Easpa lóistín/tithíochta ar phraghas réasúnta**<br>D’fhéadfadh sé nár mhaith le CIN-anna in Éirinn lonnú anseo mar gheall go mbeadh easpa tithíochta oiriúnach d’oibrithe.<br><br>**Ganntanais lucht saothair oilte in earnálacha áirithe**<br>Tá ganntanas lucht saothair ann i réimsí áirithe scileanna faoi láthair agus mar sin, d’fhéadfadh sé nach lonnódh gnólachtaí anseo i.e. an earnáil TF.<br><br>**Creatlach reachtach sriantach**<br>D'fhéadfadh sé nach mbeadh rialacháin maidir le gnó a oibriú chomh dian céanna i dtíortha eile agus mar sin<br>bheadh sé ní b’éasca feidhmiú ann, e.g. d’fhéadfadh sé go mbeadh ní ba lú reachtaíochta i bhfeidhm i dtaobh an comhshaol a chosaint.<br><br>**Geilleagair i mbéal forbartha atá i mbun céim fáis**<br>D’fhéadfadh sé go mbeadh rochtain ní b’fhearr ar mhargaí idirnáisiúnta atá ag fás, amhail an Áise Thoir Theas, An Afraic.<br><br>**Easpa ardteicneolaíochtaí/bonneagair**<br>Tá leathanbhanda ardluais agus iontaofa riachtanach chun go méadófaí chomh mealltach agus atá Éire le hinfheistiú inti. Eascraíonn costais mhéadaithe as tranglam tráchta, go háirithe i mBaile Átha Cliath. | **1 @ 6**<br>**(3 + 3)** |

| C | Freagraí féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|
| **(c)** | Is í seo a leanas Foirmle an Iolraitheora i ngeilleagar oscailte: $\frac{1}{\text{MPS + MPM}}$<br><br>(i) Mínigh na téarmaí **MPS** agus **MPM**.<br><br>Glac leis gurb é 0.1 an MPS agus 0.4 an MPM<br><br>(ii) Agus tú ag baint úsáid as an bhfoirmle thuasluaite, ríomh méid an iolraitheora. **Taispeáin do chuid oibre**.<br>(iii) Mínigh cad a chiallaíonn do fhreagra. **(21 marc)** | |
| | (i) Mínigh na téarmaí **MPS** agus **MPM.** | **2 @ 5** |
| | **MPS (Claonadh Imeallach chun Coigilte)**<br>An cion / % d'ioncam breise a choiglíonn tomhaltóirí.<br><br>**MPM (Claonadh Imeallach chun Iompórtála)**<br>An cion / % d'ioncam breise a chaitheann tomhaltóirí ar iompórtálacha. | |
| | (ii) Agus tú ag baint úsáid as an bhfoirmle thuasluaite, ríomh méid an iolraitheora. **Taispeáin do chuid oibre**.<br><br>$\frac{1}{0.1 + 0.4}$<br><br>**2** | **8** |
| | (iii) Mínigh cad a chiallaíonn do fhreagra. | |
| | Ciallaíonn sé seo go dtiocfaidh méadú €2 ar Ioncam Náisiúnta as gach €1 a chaitear sa gheilleagar. | **3** |

| C8 Téarmaí, bonneagar agus meath geilleagrach i gceantair thuaithe |
|---|

| C | Freagraí féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|
| (a) | Mínigh **trí cinn ar bith** de na téarmaí seo a leanas:<br>• Boilsciú praghsanna<br>• Lánfhostaíocht<br>• Eisimirce<br>• Príobháidiú. **(21 marc)**<br><br>Boilsciú praghsanna<br>Méadú ar leibhéal ginearálta praghsanna d'earraí /seirbhísí thar thréimhse ama.<br>Laghdú ar luach an airgid / ní féidir le daoine an oiread céanna a cheannach lena gcuid airgid.<br><br>Lánfhostaíocht<br>Nuair a bhíonn post ag na hoibrithe go léir a dteastaíonn post uathu ag rátaí reatha pá.<br><br>Eisimirce<br>Gluaiseacht Éireannach chun cónaí i dtír eile.<br><br>Príobháidiú<br>Is éard is brí leis seo go ndíoltar gnó, tionscal nó seirbhís faoi úinéireacht an stáit/ an rialtais le húinéirí príobháideacha. | **1 @ 11**<br>**2 @ 5** |

<table>
<tr><th>C</th><th>Freagraí féideartha</th><th>Uas-Mharc</th></tr>
<tr><td>(b)</td><td>Tá an rialtas tiomanta do bhonneagar na tíre a fheabhsú, soláthar leathanbhanda i gceantair thuaithe san áireamh.<br>(i) Mínigh an téarma bonneagar.<br>(ii) Déan plé ar bhuntáiste eacnamaíochta amháin a d'fhéadfadh a bheith ag soláthar leathanbhanda i gceantair thuaithe do gach ceann díobh seo a leanas:<br>• Teaghlaigh<br>• Gnólachtaí.<br>(iii) Luaigh sampla amháin de bhonneagar, seachas an leathanbhanda, ar dóigh leat gur chóir d'Éirinn infheistíocht a dhéanamh ann, agus mínigh fáth amháin le do rogha.<br>(30 marc)<br><br>(i) Bonneagar<br>• Tionscadail fhisiciúla chaipitil ar mhórscála a sholáthraíonn bunús don ghníomhaíocht gheilleagrach. Bóithre, línte cumhachta, calafoirt, leathanbhanda, etc.<br>• Trealamh caipitil a úsáidtear le seirbhísí ar a bhfuil fáil phoiblí a sholáthar.<br><br>(ii) Buntáiste eacnamaíochta amháin a d'fhéadfadh a bheith ag soláthar leathanbhanda i gceantair thuaithe do gach ceann díobh seo a leanas:<br>
<table>
<tr><td>Teaghlaigh</td><td>Socraithe oibre níos solúbtha<br>D'fhéadfadh sé go mbeadh baill teaghlaigh in ann oibriú ón mbaile/fostaíocht ní ba sholúbtha/costais níos ísle iompair, etc.<br>Rochtain ar sheirbhísí baincéireachta ar líne<br>Is féidir le teaghlaigh baincéireacht a dhéanamh ar líne agus sábhálfaidh sé seo am agus beidh sé níos áisiúla.<br>Rochtain idirlín<br>Cuireann sé ar chumas teaghlach siopadóireacht ar líne a dhéanamh; taighde a dhéanamh; cumarsáid a dhéanamh, etc.<br>Rochtain ar sheirbhísí stáit<br>Tá go leor seirbhísí stáit ar fáil ar líne agus beidh teaghlaigh in ann teacht ar na seirbhísí seo go tapa anois, Cáin Ioncaim, Mótarcháin, etc.</td></tr>
<tr><td>Gnólachtaí</td><td>Sábhálfaidh sé am ar ghnólachtaí go mbeidh siad in ann soláthairtí agus amhábhair a ordú ar líne agus cabhróidh sé le gnólachtaí soláthairtí malartacha agus níos saoire a aimsiú.<br>Orduithe custaiméirí a chomhlíonadh<br>Is féidir le gnólachtaí freagra a thabhairt ar cheisteanna tomhaltóra go tapa agus go héifeachtúil. Cuideoidh sé seo le híomhá an ghnólachta a fheabhsú agus b'fhéidir go gcabhródh sé le díolacháin a threisiú.<br>Modhanna íocaíochta<br>Leis an rochtain leathanbhanda, beifear in ann airgead a aistriú go leictreonach, rud a d'fhéadfadh a bheith níos éifeachtaí ná modhanna traidisiúnta íocaíochta.<br>Lonnú i gceantair thuaithe<br>D'fhéadfadh sé go lonnódh gnólachtaí i gceantair thuaithe ina bhfuil rochtain acu ar amhábhair agus ar lucht saothair.</td></tr>
</table></td><td>6<br><br>2 @ 8<br>(5+3)</td></tr>
</table>

<table>
<tr><th>C</th><th>Freagraí féideartha</th><th>Uas-Mharc</th></tr>
<tr><td></td><td>

(iii) Luaigh sampla **amháin** de bhonneagar, seachas an leathanbhanda, ar dóigh leat gur chóir d'Éirinn infheistíocht a dhéanamh ann, agus mínigh fáth **amháin** le do rogha.

| **Sampla** | **Cúis leis an rogha** |
|---|---|
| Ospidéil | Mar gheall go bhfuil fadhb ann le plódú in ospidéil agus go leor othar ar thralaithe, ba cheart don rialtas níos mó ospidéal a thógáil nó síneadh a chur leis na hospidéil atá ann chun freastal ar an líon níos mó daoine atá á n-úsáid. |
| Scoileanna | Leis an méadú sa daonra beidh níos mó éilimh ar an oideachas bunscoile agus meánscoile, agus mar sin ba cheart don rialtas níos mó scoileanna a thógáil. |
| Iompar Poiblí | D'fhonn astaíochtaí a laghdú agus úsáideoirí príobháideacha a choinneáil ó na bóithre, ba cheart don rialtas infheistíocht a dhéanamh in iompar poiblí níos fearr. |
| Tithíocht | Tá infheistíocht i dtithíocht shóisialta ar phraghas réasúnta riachtanach chun déileáil leis an ngéarchéim tithíochta agus chun déileáil leis an daonra atá ag dul i méid. |

</td><td>8<br>(5 + 3)</td></tr>
</table>

<table>
<tr><th>C</th><th>Freagraí féideartha</th><th>Uas-Mharc</th></tr>
<tr><td>(c)</td><td>

Caithfidh bailte beaga na hÉireann troid má tá rath le bheith orthu.
(*Foinse:* Irish Independent*, 30 Samhain 2018*)

(i) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** fhadhb a d'fhéadfadh a bheith ann de thoradh an mheatha ar ghníomhaíocht eacnamaíochta i roinnt bailte beaga agus i roinnt ceantar tuaithe sa tír.

(ii) Luaigh agus mínigh **dhá** bheart a d'fhéadfaí a thabhairt isteach chun cuidiú leis an meath eacnamaíochta seo a aisiompú. **(24 marc)**

</td><td></td></tr>
</table>

| C | Freagraí féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|
| (c) | (i) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** fhadhb a d'fhéadfadh a bheith ann de thoradh an mheatha ar ghníomhaíocht eacnamaíochta i roinnt bailte beaga agus i roinnt ceantar tuaithe sa tír.<br><br>**Laghdú daonra/meath i bpobail**<br>Má tá meath ar an ngníomhaíocht eacnamaíochta, fágfaidh daoine an ceantar agus mar sin, tiocfaidh laghdú ar an daonra agus ar ghníomhaíochtaí pobail. D'fhéadfadh sé go rachadh daoine óga ar imirce ón gceantar.<br><br>**Cailltear seirbhísí áitiúla**<br>Má tá laghdú ar ghníomhaíocht eacnamaíochta, teastóidh níos lú miondíoltóirí/soláthróirí seirbhíse chun earraí/seirbhísí a sholáthar.<br><br>**Cuma fhisiciúil an bhaile/an tsráidbhaile**<br>Is iomaí siopa atá folamh ó bhí an cúlú eacnamaíochta ann. Ní mheallann an baile an trádáil fhánach nó daoine a d'fhéadfadh teach a cheannach isteach agus déantar a thuilleadh damáiste don ghníomhaíocht gheilleagrach.<br><br>**Ní bhaintear úsáid mar is ceart as an mbonneagar áitiúil/meath ar an infheistíocht**<br>Má thagann meath ar an ngníomhaíocht eacnamaíochta ní bhaintear an úsáid chéanna as an mbonneagar áitiúil agus d'fhéadfadh sé go dtiocfadh meath air agus ní bhíonn aon ugach ann a thuilleadh infheistíochta a dhéanamh e.g. bóithre, soilsiú, etc. D'fhéadfadh sé nach mbeadh an scoil áitiúil inmharthana a thuilleadh agus go mbeadh ar leanaí aistriú chuig scoileanna eile ansin. | **2 @ 6**<br>**(4+2)** |
| | (ii) Luaigh agus mínigh **dhá** bheart a d'fhéadfaí a thabhairt isteach chun cuidiú leis an meath eacnamaíochta seo a aisiompú.<br><br>**Seirbhísí áitiúla a choinneáil**<br>Má choinnítear an oifig phoist áitiúil, stáisiún na ngardaí agus bunscoil ar oscailt, cinnteofar go mbeidh na seirbhísí ríthábhachtacha seo ar fáil go háitiúil agus d'fhéadfadh sé go spreagfaí daoine chun cónaí ann. D'fhéadfaí pleanáil do thithíocht a theorannú do lár an bhaile chun leas a bhaint as na seirbhísí reatha.<br>**Bonneagar a fheabhsú: bóithre/leathanbhanda**<br>Feabhas a chur ar bhóithre áitiúla chun rochtain a éascú. Má chuirtear leathanbhanda ar fáil spreagfar fás gnólachtaí sa cheantar.<br>**Deontais a sholáthar d'ionaid phobail**<br>D'fhéadfadh ionaid phobail pointe fócais a sholáthar do phobal agus d'fhéadfaidís muintearas a chothú sa phobal agus an comhoibriú, an fhiontraíocht agus gníomhaíochtaí sóisialta a chur chun cinn.<br>**Cabhrú le fiontair áitiúla phobail a fhorbairt**<br>Deontais a sholáthar d'fhiontair thurasóireachta.<br>**Siopadóireacht a dhéanamh go háitiúil** Daoine a spreagadh chun siopadóireacht a dhéanamh go háitiúil agus gníomhaíocht ghnó a fheabhsú i gceantair thuaithe.<br>**Dreasacht a thabhairt d'úinéirí foirgnimh nach n-úsáidtear le go mbainfear úsáid astu** agus go gcuirfear gníomhaíochtaí eacnamaíochta chun cinn. | **2 @ 6**<br>**(4+2)** |

Leathanach Bán

Leathanach Bán

Leathanach Bán